RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1578 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Aibreán 2023

lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais maidir le modheolaíocht inmheánach nó foinsí seachtracha a úsáidtear faoin tsamhail inmheánach maidir leis an riosca mainneachtana chun meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana agus ar chaillteanais i gcás mainneachtana

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 132bp(12), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 325bp(5), pointe (e), agus Airteagal 325bp(6), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ceanglaítear ar institiúidí nár deonaíodh cead dóibh meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana nó ar chaillteanais i gcás mainneachtana i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3, Roinn 1 den Rialachán sin chun críocha a gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca creidmheasa a ríomh, chun modheolaíocht inmheánach a fhorbairt nó chun foinsí seachtracha a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar na dóchúlachtaí mainneachtana sin agus ar na caillteanais i gcás mainneachtana chun a gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh dá dtagraítear in Airteagal 325bl den Rialachán sin a ríomh. Chun cothrom iomaíochta a áirithiú ar fud institiúidí san Aontas, ba cheart na ceanglais maidir le modheolaíocht inmheánach den sórt sin a bheith mar a chéile leis na ceanglais a bhaineann leis na modheolaíochtaí a úsáideann institiúidí ar ceadaíodh dóibh meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana nó ar chaillteanais i gcás mainneachtana i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3, den Rialachán sin. Féadfar cásanna a shamhlú, áfach, nach bhféadfaidh institiúidí, chun críoch a gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh, brath ar fhoinsí seachtracha sonraí, ná a gcuid samhlacha a fheidhmiú go réasúnach i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, mar gheall ar easpa sonraí ionchuir nó an iarracht dhíréireach a theastaíonn. Dá bhrí sin, is gá ceanglais shonracha a leagan síos lena gcumasófar modheolaíocht inmheánach na n-institiúidí a úsáidtear chun críocha an ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh, nó codanna de, a ríomh chun gach cás den sórt sin a chlúdach go leordhóthanach. Ba cheart torthaí stuama a áirithiú leis na ceanglais shonracha sin. Ag an am céanna, ba cheart a chomhlíonadh leis na ceanglais sin riachtanais shonracha i dtéarmaí tráthúlachta agus solúbthachta, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil suíomhanna eisitheoirí áirithe róbheag chun modheolaíocht chasta a éileamh, agus dá bhrí sin, gurb oiriúnaí modheolaíocht níos simplí.

(2) Níor cheart feidhm a bheith ag na ceanglais shonracha sin ach amháin nuair is gá, is é sin, i gcás nach féidir le hinstitiúidí brath ar fhoinsí seachtracha sonraí, ná samhlacha a rith go réasúnach a shásaíonn na ceanglais a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Dá bhrí sin, ba cheart coinníollacha a leagan síos chun a áirithiú nach mbeidh aon fhoinsí eile ann chun meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana agus caillteanais i gcás mainneachtana, agus nach ionann na cásanna nach féidir le hinstitiúidí brath ar fhoinsí seachtracha, ná a gcuid samhlacha a fheidhmiú go réasúnach agus méid iomarcach dá bpunainn agus na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 325bn(1) den Rialachán sin á gcur san áireamh. Ba cheart d'institiúidí na coinníollacha sin a mheasúnú sách minic chun athruithe ionchasacha a chur san áireamh, lena n-áirítear athruithe ar infhaighteacht foinsí seachtracha sonraí, agus a mhinice a thuairiscítear na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh á chur san áireamh.

(3) Chun go bhféadfaidh institiúidí saintréithe na suíomhanna d'eisitheoirí éagsúla a chur san áireamh, lena n-áirítear ábharthacht agus tréimhsí sealbhaíochta na suíomhanna sin, ba cheart cead a thabhairt d'institiúidí modheolaíochtaí inmheánacha a fhorbairt chun meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana agus caillteanais i gcás mainneachtain atá comhdhéanta de chodanna éagsúla, i.e. chun na poist éagsúla sin a chlúdach.

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

(4) Is gá a áirithiú go ndéanfar riosca mainneachtana eisitheoirí aonair a chaipitliú a dhóthain. Dá bhrí sin, ba cheart na measatháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana agus ar chaillteanais i gcás mainneachtana a bheith bunaithe ar mhodheolaíocht inmheánach, nó ar chuid di, sách coimeádach, ag féachaint do mhodheolaíochtaí agus d'fhoinsí eile a úsáideann na hinstitiúidí. Chuige sin, is gá na coinníollacha a shonrú faoina mbeidh na measatháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana agus ar chaillteanais i gcás mainneachtana coimeádach a ndóthain. Go háirithe, sna cásanna sin nach féidir le hinstitiúidí brath ar fhoinsí seachtracha sonraí, ná a gcuid samhlacha a fheidhmiú go réasúnach, ba cheart teorainneacha a shocrú do na luachanna a fhéadfaidh na measatháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana agus caillteanais i gcás mainneachtana a ghlacadh.

(5) Ba cheart d'institiúidí a úsáideann foinsí seachtracha chun measachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana agus ar chaillteanais i gcás mainneachtana, mar chuid de bhailíochtú na samhla inmheánach maidir leis an riosca mainneachtana, athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar na measatháin arna dtáirgeadh chun a áirithiú go mbeidh na measatháin sin iomchuí do phunanna na n-institiúidí i gcónaí. Ba cheart d'institiúidí a úsáideann níos mó ná foinse sheachtrach amháin ordlathas na bhfoinsí seachtracha sin a bhunú chun comhsheasmhacht iomlán a n-úsáide sa tsamhail inmheánach maidir le riosca mainneachtana a áirithiú. Ina theannta sin, féadfaidh institiúidí a úsáideann foinsí seachtracha chun measachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana roinnt céimeanna agus nósanna imeachta a ghlacadh sula bhféadfaidh siad na measatháin iarbhír ar dhóchúlachtaí mainneachtana a tháirgeadh. Is gá, dá bhrí sin, ceanglais a leagan síos chun a áirithiú go bhfuil an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measatháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana a tháirgeadh ó fhoinsí seachtracha slán ó thaobh coincheap de sa mhéid is go soláthraítear leis measatháin chruinne agus chomhsheasmhacha nach bhfuil claonta.

(6) Ceanglaítear le hAirteagal 325bp(11) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar institiúidí a samhlacha inmheánacha a dhoiciméadú ionas go mbeidh a dtoimhdí comhghaoil agus a toimhdí samhaltaithe eile trédhearcach do na húdaráis inniúla. Chun cabhrú le húdaráis inniúla a áirithiú go gcomhlíonfar an ceanglas sin, is gá a shonrú conas a chuirfear an ceanglas ginearálta doiciméadachta sin i bhfeidhm ar mhodheolaíochtaí inmheánacha nó ar fhoinsí seachtracha a úsáidtear faoin tsamhail inmheánach maidir le riosca mainneachtana chun measachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana agus ar chaillteanais i gcás mainneachtana.

(7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.

(8) Thionóil an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceanglais maidir leis an modheolaíocht inmheánach chun dóchúlachtaí mainneachtana a mheas

1. Comhlíonfaidh modheolaíocht inmheánach institiúide, nó cuid di, a úsáidtear chun dóchúlachtaí mainneachtana a mheas i gcomhréir le hAirteagal 325bp(5), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, na ceanglais chéanna a bhaineann leis na modheolaíochtaí a úsáideann institiúidí ar ceadaíodh dóibh dóchúlachtaí mainneachtana a mheas i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3 den Rialachán sin.

2. De mhaolú ar mhír 1, comhlíonfaidh modheolaíocht inmheánach na hinstitiúide, nó cuid di, chun dóchúlachtaí mainneachtana a mheas na ceanglais a leagtar amach i mír 3 nó i mír 4, de réir mar is infheidhme, i gcás inarb amhlaidh maidir le heisitheoir ar leith, go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas go léir ar bhonn ráithiúil:

(a) níl aon fhoinsí seachtracha a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 ar fáil cheana féin chun dóchúlachtaí mainneachtana a mheas maidir leis an eisitheoir sin;

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

(b) úsáid modheolaíochta inmheánaí, nó cuid di, a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach i mír 1:

(i) dodhéanta mar gheall ar easpa sonraí ionchuir don eisitheoir sin; nó

(ii) díréireach maidir le hábharthacht nó le tréimhse sealbhaíochta na suíomhanna ábhartha don eisitheoir sin, bunaithe ar an straitéis trádála a glacadh le haghaidh suíomhanna den sórt sin;

(c) is é luach "m", arna ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar síos i mír 5, aon cheann díobh seo a leanas:

(i) níos ísle ná nó cothrom le 10 %;

(ii) níos airde ná 10 % agus cuireann an institiúid an méid seo a leanas ar fad i gcrích:

(1) imscrúdaíonn an institiúid an bhfuil foinsí seachtracha breise a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 ar fáil agus úsáideann sí na foinsí sin chun luach "m" a laghdú go luach atá níos ísle ná nó cothrom le 10 %;

(2) déanann an institiúid anailís íogaireachta agus cásanna chun fóntacht cháilíochtúil agus chainníochtúil na modheolaíochta inmheánaí nó cuid di a mheas.

Maidir leis an anailís íogaireachta dá dtagraítear i bpointe (c)(ii)(2), déanfaidh an institiúid measúnú ar íogaireacht na gceanglas cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325bn(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le suíomhanna uile na leabhar trádála dá dtagraítear in Airteagal 325bl den Rialachán sin. Déanfaidh an institiúid amhlaidh trína shannadh do na heisitheoirí arna gcumhdach tráth an ríomha leis an modheolaíocht inmheánach nó le cuid di, a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i mír 3 nó i mír 4, de réir mar is infheidhme, grád rátála amháin níos airde agus grád rátála amháin níos ísle ná an ceann a úsáidtear chun na ceanglais a leagtar amach sna míreanna sin a chomhlíonadh.

3. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, sannfaidh modheolaíocht inmheánach na hinstitiúide, nó cuid di, d'eisitheoir meastachán ar dhóchúlacht mainneachtana atá comhionann le nó níos airde ná uasmhéid na luachanna seo a leanas:

(a) an dóchúlacht mainneachtana is airde a shanntar d'eisitheoirí ar ghrád infheistíochta suíomhanna faoi raon feidhme shamhail inmheánach maidir le riosca mainneachtana na hinstitiúide agus nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 á gcomhlíonadh ina leith;

(b) meán ualaithe cothrom na ndóchúlachtaí mainneachtana a shanntar d'eisitheoirí suíomhanna faoi raon feidhme shamhail inmheánach maidir le riosca mainneachtana na hinstitiúide agus nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 á gcomhlíonadh ina leith.

Chun críocha phointe (b), féadfaidh institiúidí eisitheoirí mainneachtana a eisiamh agus meánmhéid na dóchúlachta mainneachtana ualaithe go cothrom á ríomh acu, i gcás inar féidir leo a áirithiú nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 maidir le heisitheoirí mainneachtana den sórt sin.

4. De mhaolú ar mhír 3, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 agus i gcás ina laghdaítear na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana de réir mar a mhéadaítear luach na dóchúlachta mainneachtana a shanntar d'eisitheoir ar leith, le modheolaíocht inmheánach na hinstitiúide nó le cuid di, sannfar don eisitheoir sin meastachán ar dhóchúlacht mainneachtana atá comhionann le nó níos ísle ná an luach a shanntar i gcomhréir le mír 3, pointe (b).

5. Chun críocha mhír 2, pointe (c), ríomhfaidh institiúidí an luach "m" i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$m = \frac{\mathrm{DRC(full\ scope)} - \mathrm{DRC(other\ methodologies\ and\ external\ sources)}}{\mathrm{DRC(full\ scope)}},$$

i gcás:

DRC(raon feidhme iomlán) =	na ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325bn (1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le raon feidhme iomlán na suíomhanna leabhair trádála dá dtagraítear in Airteagal 325bl den Rialachán sin;
DRC(modheolaíochtaí agus foinsí seachtracha eile) =	na ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325bn (1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a bhaineann go heisiach leis na suíomhanna leabhair trádála dá dtagraítear in Airteagal 325bl den Rialachán sin nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 maidir lena n-eisitheoirí.

Airteagal 2

Ceanglais maidir le foinsí seachtracha chun dóchúlachtaí mainneachtana a mheas

1. Agus foinsí seachtracha á n-úsáid chun dóchúlachtaí mainneachtana a mheas i gcomhréir le hAirteagal 325bp(5), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh institiúidí, i gcomhréir le hAirteagal 325bj(2) agus 325bp(7) den Rialachán sin, na meastacháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana a bhailíochtú ar bhonn tréimhsiúil maidir lena n-úsáid sa tsamhail inmheánach maidir le riosca mainneachtana.

2. Gheobhaidh institiúidí na meastacháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana ó fhoinsí seachtracha trí úsáid a bhaint as modheolaíocht atá iontaofa ó thaobh coincheap de agus a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach i mír 4.

3. Bunóidh institiúidí a úsáideann níos mó ná foinse sheachtrach amháin ordlathas na bhfoinsí seachtracha sin.

4. Sula gcuirfear an t-íosráta ríofa dá dtagraítear in Airteagal 325bp(5), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i bhfeidhm, áiritheoidh institiúidí go gcomhlíonfaidh an mhodheolaíocht dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo na ceanglais seo a leanas go léir:

(a) soláthróidh an mhodheolaíocht, bunaithe ar scála an ghráid oibleagáideora a úsáidtear, i gcás ina bhféadfadh an scála sin a bheith leanúnach freisin, meastacháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana a fhreagraíonn don tréimhse ama is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 325bp(5), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas go léir:

   (i) meastar go bhfuil na meastacháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana cruinn do na gráid oibleagáideora go léir tar éis anailís a dhéanamh ar raon ionchasach na n-earráidí meastacháin;

   (ii) tá na meastacháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana comhsheasmhach ar fud na ngrád oibleagáideora;

   (iii) soláthraítear leis na meastacháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana idirdhealú fiúntach ar riosca agus méadaítear iad go géar de réir mar a thagann laghdú ar acmhainneacht creidmheasa an oibleagáideora;

   (iv) ní shocraítear luachanna na meastachán ar dhóchúlachtaí mainneachtana go nialas do ghrád oibleagáideora ar an mbonn nár breathnaíodh aon mhainneachtain san am a chuaigh thart don ghrád oibleagáideora sin amháin.

(b) i gcás nach bhfaightear meastacháin na modheolaíochta ar dhóchúlachtaí mainneachtana in éineacht le praghsanna margaidh reatha, déanfaidh institiúidí anailís ar aon difríochtaí a bhreathnaíonn siad idir na meastacháin sin agus na meastacháin a fhaightear in éineacht le praghsanna margaidh reatha, dá dtagraítear in Airteagal 325bp(5), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Airteagal 3

Ceanglais maidir leis an modheolaíocht inmheánach chun caillteanais i gcás mainneachtana a mheas

1. Comhlíonfaidh modheolaíocht inmheánach institiúide, nó cuid di, a úsáidtear chun caillteanais i gcás mainneachtana a mheas i gcomhréir le hAirteagal 325bp(6), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 na modheolaíochtaí a úsáideann institiúidí ar ceadaíodh dóibh caillteanais i gcás mainneachtana a mheas i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3 den Rialachán sin.

2. De mhaolú ar mhír 1, comhlíonfaidh modheolaíocht inmheánach na hinstitiúide, nó cuid di, chun caillteanais i gcás mainneachtana a mheas, na ceanglais a leagtar amach i mír 3 nó i mír 4, de réir mar is infheidhme, i gcás, i ndáil le suíomh ar leith, go gcomhlíontar na coinníollacha seo go léir a leanas ar bhonn ráithiúil:

(a) - níl aon fhoinsí seachtracha a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4 ar fáil cheana féin chun caillteanais a mheas i bhfianaise mhainneachtana an tsuímh sin;

(b) úsáid modheolaíochta inmheánaí, nó cuid di, a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach i mír 1:

(i) dodhéanta mar gheall ar easpa sonraí ionchuir don phost sin; nó

(ii) díréireach i ndáil le hábharthacht nó le tréimhse sealbhaíochta an tsuímh sin, bunaithe ar an straitéis trádála a glacadh don suíomh sin;

(c) is é luach "m", arna ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar síos i mír 5, aon cheann díobh seo a leanas:

(i) níos ísle ná nó cothrom le 10 %;

(ii) níos airde ná 10 %, agus imscrúdaíonn an institiúid féachaint an bhfuil foinsí seachtracha breise a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4 ar fáil agus úsáideann sí na foinsí sin chun luach "m" a laghdú go luach atá níos ísle ná nó cothrom le 10 %.

3. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, déanfaidh modheolaíocht inmheánach na hinstitiúide, nó cuid di, meastachán ar chaillteanas i gcás mainneachtana atá comhionann leis an méid seo a leanas nó níos airde ná an méid seo a leanas a shannadh do shuíomh:

(a) 75 % i gcás suíomhanna fofhiacha;

(b) 45 % i gcás suíomhanna fiachais neamhurraithe sinsearacha;

(c) 11,25 % i gcás suíomhanna bannaí faoi chumhdach;

(d) 25 % d'aon suíomh eile.

4. De mhaolú ar mhír 3, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 agus go laghdaítear na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana de réir mar a mhéadaítear luach an chaillteanais i gcás mainneachtana a shanntar do shuíomh ar leith, le modheolaíocht inmheánach na hinstitiúide, nó a mar chuid de, sannfar don suíomh sin meastachán ar chaillteanas i gcás mainneachtana atá comhionann leis na luachanna a leagtar amach i mír 3 nó níos ísle ná sin.

5. Chun críocha mhír 2, pointe (c), ríomhfaidh institiúidí an luach "m" i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar amach in Airteagal 1(5), i gcás inarb ionann an téarma DRC (modheolaíochtaí eile agus foinsí seachtracha) agus an ceanglas cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325bn(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a bhaineann go heisiach leis na suíomhanna leabhair trádála dá dtagraítear in Airteagal 325bl den Rialachán sin nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 á gcomhlíonadh ina leith.

Airteagal 4

Ceanglais maidir le foinsí seachtracha chun caillteanais i gcás mainneachtana a mheas

1. Agus foinsí seachtracha á n-úsáid chun caillteanais i gcás mainneachtana a mheas i gcomhréir le hAirteagal 325bp(6), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh institiúidí, i gcomhréir le hAirteagal 325bj(2) agus 325bp(7) den Rialachán sin, na meastacháin a bhailíochtú ar bhonn tréimhsiúil maidir lena n-úsáid sa tsamhail inmheánach maidir le riosca mainneachtana.

2. Bunóidh institiúidí a úsáideann níos mó ná foinse sheachtrach amháin ordlathas na bhfoinsí seachtracha sin.

Airteagal 5

Doiciméadacht

1. Déanfaidh institiúidí a gcomhlíonfaidh a modheolaíocht inmheánach, nó cuid di, na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 1(2) nó in Airteagal 3(2), i ndáil leis na heisitheoirí agus na suíomhanna go léir a chumhdaítear faoi na hAirteagail sin, an méid seo a leanas ar fad a dhoiciméadú:

(a) nach bhfuil aon fhoinsí seachtracha a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 nó in Airteagal 4, de réir mar is infheidhme, ar fáil chun meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana na n-eisitheoirí sin agus ar chaillteanais i gcás mainneachtana na suíomhanna sin, faoi seach;

(b) nach mbeadh sé indéanta modheolaíocht inmheánach a úsáid a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(1) chun meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana do na heisitheoirí sin, nó in Airteagal 3(1) chun caillteanais i gcás mainneachtana na suíomhanna sin faoi seach a mheas, mar gheall ar easpa sonraí ionchuir, nó go mbeadh sé díréireach maidir leis an ábharthacht nó leis an tréimhse sealbhaíochta i gcomhréir leis an straitéis trádála a glacadh maidir leis na heisitheoirí nó na suíomhanna sin;

(c) na luachanna ar "m", arna ríomh i gcomhréir leis na foirmlí a leagtar síos in Airteagal 1(5) agus in Airteagal 3(5).

2. Coimeádfaidh institiúidí fardal cothrom le dáta de na foinsí sonraí seachtracha a úsáidtear chun críocha Airteagal 2 agus Airteagal 4, ina mbeidh gach ceann díobh seo a leanas:

(a) tuairisc ar na modheolaíochtaí a úsáidtear chun meastacháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana a fháil ó fhoinsí seachtracha i gcomhréir le hAirteagal 2(1) agus le hAirteagal 2(2);

(b) doiciméadacht agus bunréasúnaíocht i gcás ina bhfuil téarmaí, faisnéis nó boinn tuisceana éagsúla sainaitheanta ag institiúid le linn cuntas a thabhairt ar chaillteanais chreidmheasa ionchasacha agus na meastacháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana ó fhoinsí seachtracha maidir le neamhchosaintí faoin tsamhail inmheánach maidir le riosca mainneachtana chun críche bainistiú fónta riosca creidmheasa a áirithiú, mar atá formheasta ag an mbainistíocht shinsearach;

(c) tuairisc ar na modheolaíochtaí a úsáidtear chun meastacháin a fháil ar chaillteanais i gcás mainneachtana ó fhoinsí seachtracha i gcomhréir le hAirteagal 4(1);

(d) torthaí an bhailíochtaithe arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 2(1) agus le hAirteagal 4(1);

(e) ordlathas na bhfoinsí seachtracha a úsáidtear, i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus le hAirteagal 4(2).

Chun críocha phointe (a), i gcás ina bhfuil difríocht idir na meastacháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana agus na meastacháin a úsáidtear i modheolaíochtaí bainistíochta riosca inmheánacha na n-institiúidí agus nach bhfuil na difríochtaí sin mar gheall ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 325bp(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, beidh na difríochtaí sin mar chuid den tuairisc ar na modheolaíochtaí.

Chun críocha phointe (c), i gcás ina bhfuil difríocht idir na meastacháin ar chaillteanais i gcás mainneachtana agus na meastacháin a úsáidtear i modheolaíochtaí bainistíochta riosca inmheánacha na n-institiúidí agus nach bhfuil na difríochtaí sin ann de bharr na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 325bp(6) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, beidh na difríochtaí sin mar chuid den tuairisc ar na modheolaíochtaí.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Aibreán 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN